Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 28 Aibreán 2025**
**(OR. en)**

**7679/25**

**CULT 25**
**AUDIO 23**
**SOC 235**
**SUSTDEV 20**
**SAN 169**
**EDUC 120**
**EMPL 151**
**RELEX 481**
**DIGIT 67**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cur chuige nua i leith an chultúir san Aontas Eorpach: an Compás Cultúir agus a bhfuil i ndán do Chlár Eoraip na Cruthaitheachta<br>- *Díospóireacht bheartais* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, nóta stiúrtha ón Uachtaránacht maidir leis an ábhar thuasluaite, mar ullmhúchán don díospóireacht bheartais a thionólfar sa Chomhairle Oideachais, Óige, Cultúir agus Spóirt an 13 Bealtaine 2025.

## Cur chuige nua i leith an chultúir san Aontas Eorpach: an Compás Cultúir agus a bhfuil i ndán do Chlár Eoraip na Cruthaitheachta

**Díospóireacht bheartais**

### A. RÉAMHRÁ

Mar gheall ar an staid gheopholaitiúil luaineach atá ann faoi láthair, tá gá le hAontas láidir, aontaithe. Is léiriú iad an cultúr agus an oidhreacht chultúrtha ar an gcruthaitheacht agus ar ár stair shaibhir; is amhlaidh is iad bunchloch shaol an phobail, na héagsúlachta cultúrtha agus na luachanna Eorpacha. Ag an am céanna, tá dúshláin nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo roimh earnálacha cultúir agus cruthaitheachta na hEorpa. Léiríonn fogha na Rúise faoin Úcráin agus an bharbarthacht a ghabhann leis go bhfuil an oidhreacht chultúrtha faoi bhagairt freisin. I gcásanna coinbhleachta, ina mbíonn cultúr agus oidhreacht chomhroinnte na hEorpa thíos leis an gcogadh, tá sé ríthábhachtach an athléimneacht shóisialta agus institiúideach a fhorbairt, chomh maith le straitéisí inarb iad an cultúr, an oidhreacht agus an fhorbairt inbhuanaithe croílár na mbeartas téarnaimh.

Dá bhrí sin, ós rud é gur tréimhse ríthábhachtach don Eoraip é seo, is gá athmhachnamh a dhéanamh ar an tacaíocht a thugaimid don chultúr agus do na hearnálacha cultúir agus cruthaitheachta. Táimid ag súil le foilsiú Chreat Airgeadais Ilbhliantúil 2028-2034, lena gcinnfear raon feidhme agus socruithe thacaíocht airgeadais an Aontais san am amach anseo don chultúr. Ag an am céanna, agus mar fhreagairt ar an iarraidh ón gComhairle, tá an Coimisiún Eorpach ag obair ar Chompás Cultúir, ar creat straitéiseach uileghabhálach é darb aidhm gnéithe iomadúla an chultúir a threorú agus leas a bhaint astu, gnéithe ar cheart dóibh a bheith ina dtreoir maidir leis na saincheisteanna práinneacha atá ina n-ábhar imní d’earnálacha cultúir agus cruthaitheachta na hEorpa.

## B. A BHFUIL I NDÁN DO CHLÁR EORAIP NA CRUTHAITHEACHTA

Sa chomhthéacs sin, tá spéis ar leith ag na Ballstáit uile i gClár Eoraip na Cruthaitheachta — arb é an ionstraim is tábhachtaí arna maoiniú ag an Aontas chun tacú le hearnálacha cultúir agus cruthaitheachta na hEorpa. Leis na tionscnaimh a cuireadh chun feidhme faoi Chlár Eoraip na Cruthaitheachta, bhíothas in ann tacaíocht shuntasach a chur ar fáil don chomhar trasteorann, an éagsúlacht chultúrtha agus teanga a chur chun cinn, saineolas a chomhthiomsú agus acmhainneacht agus raon feidhme na n-eintiteas Eorpach in earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta a fhorbairt. Rannchuidigh siad freisin leis an ngairmiúlú agus le hiomaíochas earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta a threisiú, chomh maith leis an bhfás sa mhargadh domhanda.

Is faoin gCoimisiún Eorpach i gcónaí iad clársceidealú agus cur chun feidhme Chlár Eoraip na Cruthaitheachta. I mí Eanáir 2025, shínigh airí cultúir 27 mBallstát an Aontais litir a cuireadh chuig an Leas-Uachtarán, Henna Virkkunen, agus chuig na Coimisinéirí, Glenn Micallef agus Piotr Serafin, inar leag siad béim ar a thábhachtaí atá an cultúr d’fhorbairt agus d’éagsúlacht na hEorpa, agus inar chuir siad in iúl gur cheart leanúint de na hiarrachtaí comhpháirteacha chun an Clár a choinneáil ar bun. Thug airí cultúir an Aontais dá n-aire gurb é Clár Eoraip na Cruthaitheachta an t-aon chlár de chuid an Aontais darb aidhm shonrach tacú leis an gcomhar idir eagraíochtaí cultúir agus cruthaitheachta, ealaíontóirí agus gairmithe cultúir. Leag siad béim ar an ról lárnach atá ag an gcultúr a mhéid a bhaineann le comhphobal na luachanna a chosaint, ár bhféiniúlacht choiteann Eorpach a shaibhriú, agus an comhtháthú sóisialta a mhéadú, agus tacú leis an nuálaíocht agus leis an iomaíochas ag an am céanna. Thairis sin, cothaíonn an cultúr muintearas agus an rannpháirtíocht shibhialta, rud atá ríthábhachtach chun luachanna daonlathacha an Aontais a chaomhnú. Thug siad dá n-aire go bhfuil an gá le comhar in earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta ar leibhéal an Aontais níos práinní ná riamh, go háirithe i gcomhthéacs an chlaochlaithe dhigitigh leanúnaigh i ndomhan atá ag síorathrú.

Is léir an toil leanúint den Chlár Eoraip na Cruthaitheachta i gclabhsúr na litreach:

*'(...) chun a áirithiú gur féidir leis an earnáil leanúint di féin a chur in oiriúint agus de bhláthú sa tírdhreach domhanda atá ag athrú go tapa, iarraimidne, na hairí cultúir thíos-sínithe, go láidir ar an gCoimisiún Eorpach leanúint de thosaíocht a thabhairt don éagsúlacht chultúrtha agus don tsaoirse ealaíne. Athdhearbhaímid go bhfuil dreasachtaí éifeachtacha, saincheaptha don earnáil de dhíth ar earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta, lena n-áirítear an tionscal closamhairc. Ní foláir go mbeidh na dreasachtaí sin an-infheicthe agus ceaptha go straitéiseach chun tacú leis an gcomhar cultúrtha agus leis an gcruthú ábhair. Ba cheart dóibh a áirithiú go mbeidh straitéisí agus tosaíochtaí cistiúcháin an Aontais solúbtha freagrúil do riachtanais na hearnála atá ag athrú go tapa, agus do na dúshláin dhigiteacha agus nuálaíochtaí teicneolaíochta chomh maith. Ba mhaith linn a rá go neamhbhalbh, gan teacht roimh chaibidlíocht bhuiséadach an Aontais, nach féidir linn athléimneacht, iomaíochas ná beogacht fhadtéarmach éiceachóras cultúir agus cruthaitheachta na hEorpa a chosaint in éagmais na mbeart spriocdhírithe sin. Táimid ag tnúth le leanúint dár n-iarrachtaí comhpháirteacha agus le ról na hEorpa a neartú a thuilleadh a mhéid a bhaineann leis an éagsúlacht chultúrtha, an chruthaitheacht agus an nuálaíocht a chothú.' [aistriúchán neamhoifigiúil]*

Is príomhghné é seasamh soiléir daingean airí cultúir an Aontais atá le cur san áireamh sa phróiseas ullmhúcháin leanúnach chun Clár Eoraip na Cruthaitheachta a neartú amach anseo.

## C. <u>COMPÁS CULTÚIR NUA</u>

Is tionscnamh suaitheanta é an Compás Cultúir i litir mhisin an Choimisinéara, Glenn Micallef. Ba cheart go gcuideodh an Compás leis an gcultúr a leabú i spriocanna beartais uileghabhálacha an Aontais, agus luachanna agus treoirphrionsabail an Aontais á n-athdhearbhú aige, agus é mar aidhm dheiridh aige a áirithiú go mbeidh rochtain níos fearr ag cách ar an gcultúr. Ba cheart dó aghaidh a thabhairt ar an ngá atá le cur chuige níos straitéisí, níos comhleanúnaí maidir le tacaíocht an Aontais don chultúr, cur chuige a fhreagródh don chomhthéacs dúshlánach polaitiúil agus geopholaitiúil.

Chuir an Coimisiún tús leis na hullmhúcháin don tionscnamh straitéiseach seo, lena n-áirítear an chéad seisiún torthúil leis na Ballstáit a bhí ar siúl ag an gcruinniú neamhfhoirmiúil aireachta i Vársá an 8 Aibreán, inar díríodh ar na treoirphrionsabail bhunúsacha don cheapadh beartais san Aontas maidir leis an gcultúr atá le cumhdach sa Chompás Cultúir a bheidh ann amach anseo agus lena ndeimhnítear na príomhthreonna. D'athdhearbhaigh na Ballstáit luach bunúsach an chultúir agus an gá atá leis an tsaoirse ealaíne a ráthú, an éagsúlacht chultúrtha agus an oidhreacht chultúrtha a chosaint, agus athléimneacht na hearnála a fhorbairt, a dhéanfar a bhuí le hionchur na teicneolaíochta digití san ullmhacht agus in inrochtaineacht an chultúir. I bhfianaise an athruithe aeráide, ba cheart do lucht ceaptha na mbeartas cultúir an fhorbairt inbhuanaithe a chur san áireamh freisin, agus infheistíocht sa nuálaíocht agus sa chlaochlú teicneolaíoch a áirithiú; ba cheart dóibh a bheith airdeallach, áfach, ar thionchar IS ar an earnáil. Thagair a lán acu do na healaíontóirí agus do na cruthaitheoirí mar phríomhchaipiteal, agus mhol siad reachtaíocht lena n-éascaítear a ndálaí oibre agus pá cothrom, rud a fheabhsódh an chosaint shóisialta. Leag na rannpháirtithe béim d'aon ghuth ar ról an chultúir a mhéid a bhaineann le daonlathas, dea-bhail agus sláinte na sochaithe a fhorbairt agus, dá thoradh sin, pléadh an príomhshruthú cultúir i mbeartais an Aontais agus an taidhleoireacht chultúrtha.

Tar éis an phlé chuidithigh a rinneadh ag an gComhairle Oideachais, Óige, Cultúir agus Spóirt an 13 Bealtaine, tugtar deis do na hairí tuilleadh plé a dhéanamh ar na tuairimí maidir leis na príomhthéamaí beartais chultúrtha atá sa Chompás Cultúir, chun aghaidh a thabhairt ar na príomhdhúshláin atá roimh an gcultúr, na hearnálacha cultúir agus cruthaitheachta agus na tionscail.

Áirítear freisin sa phróiseas cuimsitheach comhairliúcháin don Chompás Cultúir comhairliúchán i scríbhinn (suirbhé ar líne) agus seimineár oibre, arna chomhóstáil ag an gCoimisiún Eorpach agus ag an Uachtaránacht an 17 Meitheamh 2025 sa Bhruiséil. Is é is aidhm do na céimeanna comhairliúcháin sin rannpháirtíocht na mBallstát a éascú tráth a bheidh tacaíocht bheartais straitéiseach an Aontais don chultúr á ceapadh amach anseo.

## D. CEISTEANNA DON DÍOSPÓIREACHT BHEARTAIS

I bhfianaise an mhéid sin, iarrtar ar na hairí a dtuairimí a chomhroinnt maidir leis na ceisteanna seo a leanas:

1. I bhfianaise na ndúshlán atá roimh earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta faoi láthair, léirigh ar cheart Clár Eoraip na Cruthaitheachta a choigeartú chun aghaidh níos fearr a thabhairt ar na dúshláin sin, agus, más ceart, conas?

2. I bhfianaise an chomhthéacs gheopholaitiúil reatha, conas is féidir leis an gCompás Cultúir droim láimhe a thabhairt don *status quo* agus a chinntiú go n-aithneofar tábhacht straitéiseach an chultúir, in éineacht leis na tosaíochtaí polaitiúla nua atá ag teacht chun cinn ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát?

Ná téigh thar thrí nóiméad d'am labhartha.

Ba mhaith leis an Uachtaránacht go gcuirfeadh na hairí a ráitis isteach i scríbhinn tar éis sheisiún na Comhairle Oideachais, Óige, Cultúir, Closamhairc agus Spóirt. Cuirfear do chuid moltaí ar aghaidh chuig an gCoimisiún Eorpach mar ionchur chun Clár Eoraip na Cruthaitheachta agus an Compás Cultúir a bheidh ann amach anseo a ullmhú a thuilleadh.